Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2024/0051(NLE)

14.1.2025

***

DRÉACHTMHOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir Ceanada agus an tAontas Eorpach i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí a aistriú agus a phróiseáil
(08897/2024 – C10-0125/2024 – 2024/0051(NLE))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Nikola Minchev

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 4

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 5

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir Ceanada agus an tAontas Eorpach i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí a aistriú agus a phróiseáil
(08897/2024 – C10-0125/2024 – 2024/0051(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (08897/2024),

– ag féachaint don dréacht-chomhaontú idir Ceanada agus an tAontas Eorpach i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí a aistriú agus a phróiseáil (08896/2024).

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(2) agus le hAirteagal 87(2), pointe (a), agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0125/2024),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2025),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Cheanada.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

a. Cúlra

Baineann nós imeachta an toilithe leis an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir Ceanada agus an tAontas Eorpach i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú agus a phróiseáil.

D'iarr Parlaimint na hEorpa Tuairim ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an gComhaontú PNR roimhe seo le Ceanada ó 2014 i dtaca lena chomhoiriúnacht le Conarthaí an Aontais agus leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Thug CBAE Tuairim 1/15 uaithi an 26 Iúil 2017, inar chinn sí nach bhféadfaí an Comhaontú PNR atá beartaithe idir Ceanada agus an tAontas a thabhairt i gcrích mar atá toisc nach raibh roinnt dá fhorálacha ag luí leis na cearta bunúsacha a aithníonn an tAontas. Tar éis an Tuairim sin a eisiúint, rinne an tAontas agus Ceanada na caibidlíochtaí a athnuachan chun go síneofar Comhaontú nua atá i gcomhréir le ceanglais na Cúirte.

Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht maidir leis an leagan sin den Chomhaontú in 2018 agus tar éis an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích in 2023, roinneadh an dréacht-téacs críochnaitheach leis an gComhairle agus le Parlaimint na hEorpa. An 4 Márta 2024, d'eisigh an Coimisiún Eorpach dhá Thogra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir Ceanada agus an tAontas Eorpach i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú agus a phróiseáil

Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) agus d'eisigh sé Tuairim 15/2024 an 29 Aibreán 2024 inar tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil na coimircí is gá sa dréacht-chomhaontú chun go mbeidh sé comhoiriúnach leis an gCairt um Chearta Bunúsacha, i gcomhréir le Tuairim 1/15 ó CBAE. Bhí roinnt moltaí sa Tuairim freisin maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

b. Seasamh an Rapóirtéara

Measann an Rapóirtéir gur céim thábhachtach chun tosaigh é comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích lena mbunaítear creat dlíthiúil soiléir chun sonraí PNR a mhalartú le Ceanada in iarrachtaí an Aontais maidir le coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Ba mhaith leis an Rapóirtéir freisin aitheantas dearfach a thabhairt don obair thábhachtach a rinne Parlaimint na hEorpa roimhe seo, lena n-áirítear an obair a rinne a hiar-Rapóirtéir don nós imeachta seo Sophie In 't Veld, chun a áirithiú go seasann an Comhaontú seo le caighdeáin an Aontais ina urraim do na Conarthaí, do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, chomh maith le rialuithe a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le déanaí.

De réir an tuairiscithe is déanaí ó Europol[1], rinneadh 120 ionsaí sceimhlitheoireachta ar an iomlán i mBallstáit an Aontais in 2023 amháin, rud a léiríonn scála na sceimhlitheoireachta san Aontas sa lá atá inniu ann agus an gá atá lena áirithiú go mbeidh na huirlisí uile atá ar fáil ag na húdaráis a bhfuil sé de chúram orthu an sciúirse sin a chomhrac chun cosc a chur ar ionsaithe

[1] Tuarascáil Europol maidir le Staid agus Treochtaí na Sceimhlitheoireachta san Aontas (2024)

den sórt sin. Trí shonraí PNR a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu, is féidir eilimintí tábhachtacha a sholáthar do na húdaráis trínar féidir leo patrúin taistil amhrasacha a bhrath agus comhpháirtithe coirpeach agus sceimhlitheoirí a shainaithint, agus tacú le himscrúdú agus ionchúiseamh na gcásanna ina ndearnadh gníomhaíochtaí mídhleathacha. Tá an Rapóirtéir suite de gur gá don chomhar idirnáisiúnta póilíneachta agus breithiúnach a chumasú agus go háirithe i gcás Cheanada, mar chomhpháirtí idirnáisiúnta iontaofa agus iontaofa don Aontas.

Á aithint nach ionann próiseáil sonraí ainmneacha paisinéirí agus cur isteach ar phríobháideachas agus ar chearta sonraí paisinéirí, measann an Rapóirtéir go bhfuil an idirghabháil sin atá teoranta agus a rialaítear go docht le forfheidhmiú an dlí riachtanach agus comhréireach i bhfianaise an róil thábhachtaigh a d'fhéadfadh a bheith ag an malartú idirnáisiúnta agus ag an anailís idirnáisiúnta ar shonraí PNR chun coireacht thromchúiseach thrasnáisiúnta agus sceimhlitheoireacht a chomhrac.

I bhfianaise na tuairime dearfaí ó MECS, agus breithiúnas na Cúirte ó 2022 lena mbailíochtaítear creat dlíthiúil an Aontais maidir le próiseáil sonraí PNR á chur san áireamh, tá an Rapóirtéir cinnte dearfa faoi chuspóirí an Chomhaontaithe seo, agus faoi na ráthaíochtaí atá ann. Go háirithe, tá an Rapóirtéir sásta go n-áirítear sa Chomhaontú coimircí a bhaineann le neamh-idirdhealú, coinneáil agus slándáil sonraí, maoirseacht, trédhearcacht agus faisnéis do phaisinéirí, rochtain agus ceartú aonair ar shonraí PNR, agus sásamh riaracháin agus breithiúnach.

Cuireann an Rapóirtéir i bhfáth go bhfuil sé ag dréim leis go gcuirfear an Comhaontú seo i bhfeidhm agus go mbeifear ag cloí go docht leis na coimircí sin, le cásdlí CBAE agus leis na moltaí arna n-eisiúint ag MECS. Dá bhrí sin, meabhraíonn an Rapóirtéir don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar na gnéithe sin, chomh maith le feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí, le linn na n-athbhreithnithe atá beartaithe leis an gComhaontú.

Mar fhocal scoir, measann an Rapóirtéir gur forbairt dhearfach é tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe seo sa chomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí agus na sceimhlitheoireachta, agus ag an am céanna na teorainneacha agus na coimircí is gá a choinneáil chun urraim do chearta bunúsacha paisinéirí a áirithiú.

I bhfianaise a bhfuil thuasluaite, molann an Rapóirtéir don Pharlaimint an dréachtchinneadh ón gComhairle a fhormhuiniú.